Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2015

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Bitheolaíocht

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# RÉAMHRÁ

1. Is treoir an scéim mharcála maidir le marcanna a bhronnadh i ndáil le freagraí iarrthóirí. Treoir achoimre chruinnbheacht atá inti agus í curtha le chéile d'fhonn a laghad focal agus is féidir a úsáid.
2. Ní foláir do na scrúdaitheoirí an scéim a leanúint go dlúth, mar a leagfar amach sna pointí seo a leanas, agus níl cead marcanna a bhronnadh i ndáil le freagraí nach dtagann faoi scáth na scéime seo.
3. Tá focail agus nathanna buntábhachta luaite sa scéim ar féidir marcanna a bhronnadh ar an iarrthóir ina leith. Ní fhágann sin nach bhfuil glacadh le focail ná nathanna comhchiallacha lena gcuirtear in iúl an rud céanna le freagra na scéime marcála.
4. Cé go bhfuil glacadh go ginearálta le focail chomhchiallacha, tharlódh cásanna ina n-éileofaí téarma cruinnbheacht eolaíochta faoin scéim agus nach mbeadh glacadh sa chás sin le téarmaí comhchiallacha nach saintéarmaí eolaíochta iad ná le téarmaí comhchiallacha ón ngnáthchaint.
5. In ndáil le freagraí sainiúla, d'fhéadfaí a áireamh sa scéim na focail "aon fhreagra bailí" agus bainfidh na scrúdaitheoirí leas as a mbreithiúnas gairmiúil le bailíocht an fhreagra a dhearbhú. Más ann d'amhras, ba cheart don scrúdaitheoir dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
6. Ní féidir marcanna a bhronnadh i ndáil le focal ná le frása buntábhachta, ach amháin má chuirtear i láthair é sa chomhthéacs ceart.
7. Sa chás go dtagann sé chun aire an scrúdaitheora go bhfuil freagra bailí tugtha ag iarrthóir agus gan aon fhoráil leagtha amach sa scéim gur féidir glacadh leis an bhfreagra sin, ní mór don scrúdaitheoir dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach i dtosach báire roimh mharcanna a bhronnadh.

## FREAGRAÍ AR CEAL

Seo a leanas sliocht as S63 *Treoracha do Scrúdaitheoirí 2015*, *7.3, lch 23.*
"Sa chás go bhfreagraíonn iarrthóir ceist nó cuid de cheist aon uair amháin agus go gcuireann an t-iarrthóir an freagra ar ceal, ba chóir neamhaird a dhéanamh den chur ar ceal agus plé leis an bhfreagra ar nós nár chuir an t-iarrthóir ar ceal é."
e.g. *Ceist:* Cad is pailniú ann?
Scéim Mharcála: aistriú pailine / ón antar / go dtí an stiogma **3(3) mharc**
*Freagra Samplach*: ~~aistriú pailine / ar fheithid / go dtí an stiogma~~
Tá an freagra curtha ar ceal ag an iarrthóir agus <u>níor thug an t-iarrthóir iarracht eile</u> an cheist a fhreagairt agus is féidir 2(3) mharc a bhronnadh.

## FREAGRAÍ FARASBAIRR

**I Roinn A cuirtear na marcanna a bhronntar i leith freagra ceart ar ceal sa chás go dtugtar freagra farasbairr atá contráilte.**
e.g. *Ceist:* Tá ballaí soithigh xiléime treisithe le ……………………
Scéim Mharcála: lignin **4 mharc**
*Freagraí samplacha:*
(i) citin, lignin – tá freagra farasbairr tugtha agus é mícheart, dá réir sin gnóthaíonn an t-iarrthóir , 4 – 4 mharc = 0.

(ii) ~~lignin~~ – tá an freagra, atá ceart, curtha ar ceal, ach níl aon fhreagra breise ná freagra farasbairr tugtha, dá réir sin is féidir 4 mharc a bhronnadh ar an iarrthóir.
(iii) lignin, ~~citin~~ – tá freagra farasbairr tugtha, agus é mícheart, ach tá sé curtha ar ceal. Thug an t-iarrthóir níos mó ná freagra amháin ach is féidir glacadh leis an gcur ar ceal agus is féidir 4 mharc a bhronnadh ar an iarrthóir.
(iv) ~~lignin~~, citin – tá an freagra ceart curtha ar ceal agus freagra mícheart curtha ina áit agus mar sin ní bhronntar marcanna ar bith ina leith.
**I Roinn B agus i Roinn C, nuair a éilítear líon áirithe pointí,** agus nuair a fhreagraíonn an t-iarrthóir trí liosta roghanna a thabhairt, ní chuirfidh an scrúdaitheoir ach an chéad cheann, an chéad dá cheann, nó na chéad trí cinn san áireamh (mar is iomchuí) fiú má tá freagra ceart ann níos faide ar aghaidh sa liosta.

## GNÁSANNA NA SCÉIME MARCÁLA

1. Na focail agus frásaí a dtugtar marcanna ina leith, scartar iad le soladas ( / ).
2. Luaitear an marc a bhronntar i ndáil le freagra faoi chló trom in aice leis an bhfreagra.
3. Sa chás go bhfuil níos mó ná cuid amháin i bhfreagra, luaitear an marc a bhronntar i ndáil le gach cuid den fhreagra idir lúibíní e.g. ciallaíonn **5 (4)** go bhfuil cúig chuid ag baint leis an bhfreagra agus go gcuirtear 4 mharc i leith gach cinn acu sin.
4. Ní móide go gcuirfí marc áirithe i leith fhreagra gach fochoda de cheist;
   e.g. d'fhéadfadh sé fhochuid a bheith ag baint le ceist – (a), (b), (c), (d), (e), (f) – agus 20 marc curtha i leith na ceiste sin san iomlán. Tharlódh gur mar seo a leanas a bheadh an scéim mharcála: **2 (4) + 4 (3).** Ciallaíonn sin <u>go mbronntar 4 mharc an ceann i leith an chéad dá fhreagra chearta</u> agus gur 3 mharc an ceann a bhronntar i leith gach freagra chirt ina ndiaidh sin.
5. Aon fhocal, téarma nó frása a luaitear idir lúibíní, ní gá go mbeadh sin sa fhreagra agus tugtar é chun an freagra a chur i gcomhthéacs.
6. I Roinn C, ná léigh aon rud a d'fhéadfadh a bheith scríofa ag an iarrthóir ar an gceistpháipéar mura dtagraíonn an t-iarrthóir, sa fhreagarleabhar, go sonrach do chuid áirithe de cheist a freagraíodh áit a bhfuil an cheist ar an gceistpháipéar.
7. Úsáidtear lúibíní cearnógacha nuair atá aird an scrúdaitheora á díriú ar threoir maidir le freagra nó ar cháiliúchán éigin maidir leis an bhfreagra.

**ROINN A**
**Freagair cúig cheist ar bith**

| | |
|---|---|
| 1. | **2(7)+3(2)** |
| a. Ocsaigin | |
| b. Uisce | |
| c. Tá saillte soladach **nó** tá olaí leachtach | |
| d. Siúcra dí-ocsaídithe (nó siúcra dí-ocsaídithe ainmnithe) | |
| e. Maignéisiam **nó** cailciam **nó** mianra ceart ar bith eile | |
| | |
| 2. | **2(5) + 5(2)** |
| a. BRÉAGACH | |
| b. FÍOR | |
| c. BRÉAGACH | |
| d. BRÉAGACH | |
| e. FÍOR | |
| f. BRÉAGACH | |
| g. FÍOR | |
| | |
| 3. | **2(5) + 5(2)** |
| a. A = Ubhagán B = Antar C = Peiteal | |
| b. Gnéasach | |
| c. Antar [*glac le* staimín] **nó** 'B' [*glac leis an rud ar a dtugann an t-iarrthóir 'B' i gcuid (a)*] | |
| d. Meallann feithidí **nó** pailneoirí (nó pailneoir ainmnithe) | |
| e. A **nó** ubhagán [*glac leis an rud ar a dtugann an t-iarrthóir 'A' i gcuid (a)*] | |
| | |
| 4. | **2(7)+3(2)** |
| a. Laghairt | |
| b. Hoiméastáis | |
| c. Craiceann | |
| d. Inteirm | |
| e. Coinín | |
| | |
| 5. | **2(5) + 5(2)** |
| a. Bia-eangach | (1 Phointe) |
| b. "Ite ag" **nó** sreabhadh fuinnimh **nó** biashlabhraí | (1 Phointe) |
| c. Déanann siad a mbia féin **nó** déanann siad fótaisintéis | (1 Phointe) |
| d. Cuil ghlas / bolb / seilide / luch / coinín | (2 Phointe) |
| e. Bóín Dé **nó** lon dubh **nó** gráinneog **nó** easóg **nó** sionnach **nó** spioróg | (1 Phointe) |
| f. 3ú **nó** tomhaltóir tánaisteach | (1 Phointe) |
| | |
| 6. | **2(5) + 5(2)** |
| a. Ionsúite | (1 Phointe) |
| b. Clóraifill | (1 Phointe) |
| c. Clóraplaist | (1 Phointe) |
| d. Uisce / dé-ocsaíd charbóin / solas / einsímí / teocht oiriúnach (nó teas [*ná glac le* te]) | (2 Phointe) |
| e. Ocsaigin | (1 Phointe) |
| f. Uisce | (1 Phointe) |

**ROINN B**
**Freagair dhá cheist ar bith … 2(30)**

| | |
|---|---|
| 7. | **5 + 1** |
| a. | |
| i. Bachlú | |
| ii.Saor ó mhiocrorgánaigh | |
| b. | **8(3)** |
| i. Crann nó tor ainmnithe ar bith | (1 Phointe) |
| ii. Caith miotóga **nó** láimhseáil duilleoga le e.g. pionsúirín **nó** cuir isteach i mála plaisteach iad | (1 Phointe) |
| iii. Agar (braiche) | (1 Phointe) |
| iv. Teicníc aiseipteach amháin<br>greamaigh duilleoga nó píosaí duilleoige den (taobh istigh den) chlaibín,<br>gor | (1 Phointe)<br>(1 Phointe)<br>(1 Phointe) |
| v. Coilíneachtaí bándearga **nó** bándearg leis na 'coilíneachtaí' a bhfuil cur síos déanta orthu | (1 Phointe) |
| vi. e.g. Uathchlábh **nó** déan loscadh **nó** maothaigh i ndífhabhtán | (1 Phointe) |
| | |
| 8 | |
| a. | **5 + 1** |
| i. Fás síl (ina phlanda nua) | |
| ii. Fréamhán | |
| b. | **8(3)** |
| i. Uisce / ocsaigin / teocht oiriúnach (nó teas [*ná glac le* te]) | (1 Phointe) |
| ii. Chun ocsaigin a eisiamh [*glac le* chun aer a eisiamh] | (1 Phointe) |
| iii. D'fhéadfadh sé nach bpéacfadh roinnt síolta | (1 Phointe) |
| iv. A | (1 Phointe) |
| v. Feadán A - péacadh<br>Feadán B - gan aon phéacadh<br>Feadán C - gan aon phéacadh<br>Feadán D - gan aon phéacadh | (1 Phointe)<br>(1 Phointe)<br>(1 Phointe)<br>(1 Phointe) |
| | |
| 9 | |
| a. | **5 + 1** |
| i. A - T **nó** G - C | |
| ii. e.g. Radaíocht **nó** ceimiceáin **nó** ceimiceáin ainmnithe e.g. deatach toitíní **nó** víris | |
| b. | **8(3)** |
| i. e.g. Oinniún | (1 Phointe) |
| ii. C nó gearr ina phíosaí beaga<br>B nó cuir i gcumascóir<br>D nó cuir próitéáis leis<br>A nó doirt eatánól | (1 Phointe)<br>(1 Phointe)<br>(1 Phointe)<br>(1 Phointe) |
| iii. Chun próitéin a bhriseadh síos (sna crómasóim) | (1 Phointe) |
| iv. Chun (cill)scannáin a bhriseadh síos | (1 Phointe) |
| v. Chun DNA a bhaint de thuaslagán (nó ceadaítear DNA a fheiceáil) | (1 Phointe) |
| | |

**ROINN C**

**Freagair ceithre cheist ar bith …. 4(60)**

| | |
|---|---|
| 10. | **7 + 2(1)** |
| a. | |
| i. (Móilín) déanta as DNA agus próitéin **nó** slabhra géinte | (1 Phointe) |
| ii. An dá ailléil mar an gcéanna | (1 Phointe) |
| iii. Cuma fhisiciúil (orgánaigh) **nó** nochtadh géinitíopa | (1 Phointe) |
| b. | **3(5)+4(3)** |
| i. 1. Aonrú; 2. Gearradh; 3. Trasfhoirmiú; 4. Léiriú<br>[*Trí chéim ar bith san ord ceart*] | 3(5) |
| | 4(3) |
| ii. Einsímí | (1 Phointe) |
| iii. Géin(te) **nó** (píosa) plasmaide **nó** (píosa) DNA **nó** (píosa) crómasóim | (1 Phointe) |
| iv. e.g. Baictéar (a rinneadh chun géinte a léiriú chun) inslin dhaonna / caora a tháirgeadh (a rinneadh chun géinte a shloinneadh chun) toisc fáis dhaonna a tháirgeadh ina gcuid bainne / rís (a rinneadh chun géinte a léiriú chun) Vitimín A a tháirgeadh | (2 Phointe) |
| c. | **8(3)** |
| Géinitíopa de thuismitheoir bándearg - (DB) | (1 Phointe) |
| Gaiméítí (D) (B) x (BB) | (3 phointe) |
| Sliocht (DB) (BB) | (2 Phointe) |
| Feinitíopa Bándearg Bán | (2 Phointe) |
| [*glac le géinitíopaí gaiméítí agus sleachta má thaispeántar iad sa chearnóg Punnett*] | |
| | |
| 11. | **7 + 2(1)** |
| a. | |
| i. Páirt den domhan (agus den atmaisféar) ina dtacaítear leis an mbeatha | (1 Phointe) |
| ii. (Ainmhí a) itheann plandaí agus ainmhithe araon | (1 Phointe) |
| iii. Ról an orgánaigh (san éiceachóras) | (1 Phointe) |
| b. | **9(3)** |
| i. Ainmhí ainmnithe agus gaireas oiriúnach (nó modh)<br>[*Níl aon ainmhí ainmnithe - ná bronn marcanna as an modh bailiúcháin*] | (2 Phointe) |
| ii. e.g. péinteáil **nó** clibeáil **nó** scoith an ghruaig **nó** ionas nach mbeidh ainmhithe feiceálach | (1 Phointe) |
| iii. ≥ 20 | (1 Phointe) |
| iv. A = uimhir tugtha in (iii)<br>B = 20<br>Freagra ceart ó fhigiúirí an iarrthóra | (1 Phointe)<br>(1 Phointe)<br>(1 Phointe) |
| v. Caomhnú | (1 Phointe) |
| vi. Moladh amháin | (1 Phointe) |
| c. | **8(3)** |
| i. (Dath) na meala / bán | (2 Phointe) |
| ii. Lucha **nó** francaigh | (1 Phointe) |
| iii. Sciobóil **nó** seanfhoirgnimh | (1 Phointe) |
| iv. Easpa áiteanna dá nead **nó** á nimhiú le lotnaidicídí **nó** easpa bia | (2 Phointe) |
| v. Ceimiceach (nó substaint) chun feithidí a mharú (nó chun lotnaidí eile a bhíonn ar phlandaí a mharú) | (1 Phointe) |
| vi. Creach a bhfuil nimh ite aige a ithe | (1 Phointe) |
| | |

| | |
|---|---|
| 12. | **7 + 2(1)** |
| a. | |
| i. Briseadh síos bia | (1 Phointe) |
| ii. 1. Einsímí = ceimiceach<br>2. Fiacla = meicniúil | (1 Phointe)<br>(1 Phointe) |
| b. | **9(3)** |
| i. A = Dúidéineam (nó an stéig bheag); B = Ae; C= Bolg; D = Paincréas;<br>E = Drólann (nó stéig mhór) | (5 phointe) |
| ii. (Aigéad) hidreaclórach **nó** HCl | (1 Phointe) |
| iii. Domlas<br>Déanann eibliú ar shaill | (2 Phointe) |
| iv. Béal **nó** paincréas **nó** faireoga seileacha. | (1 Phointe) |
| c. | **8(3)** |
| i. Pian bhoilg (nó crampaí) / iatacht / buinneach | (2 Phointe) |
| ii. Uisce | (1 Phointe) |
| iii. Athraigh an aiste bia (nó sampla) / cógas (nó sampla) | (2 Phointe) |
| iv. Crapadh matánach / chun an bia a bhogadh | (2 Phointe) |
| v. e.g. Táirgeadh vitimíní **nó** faigh an ceann is fearr ar phataiginí | (1 Phointe) |
| | |
| | |
| | |
| 13. | **7 + 2(1)** |
| a. | |
| i. e.g. Aclaíocht / réim bia (nó sampla) / cógas sonracha **nó** stop ag caitheamh tobac | (2 Phointe) |
| ii. Pumpálann an taobh clé fuil níos faide | (1 Phointe) |
| b. | **9(3)** |
| i. A = Aorta; B = Seipteam; C = Aitriam ar dheis | (3 phointe) |
| ii. Scamhóga | (1 Phointe) |
| iii. Ocsaiginiú | (1 Phointe) |
| iv. Corónach **nó** cairdiach | (1 Phointe) |
| v. C **nó** aitriam ar dheis<br>[*glac leis an rud ar a dtugann an t-iarrthóir 'C' i gcuid (i)]* | (1 Phointe) |
| vi. 72 (buille sa nóiméad) [*glac le* 70 go dtí 75] | (1 Phointe) |
| vii. Comhlaí (ag dúnadh) | (1 Phointe) |
| c. | **8(3)** |
| i. A = Laraing; B = Traicé (nó píobán garbh); C = Broncas; D = Ailbheolas (nó Aersha(i)c) | (4 phointe) |
| ii. D **nó** ailbheolas [*glac leis an rud ar a dtugann an t-iarrthóir 'D' i gcuid (i)*] | (1 Phointe) |
| iii. Fuaim a dhéanamh | (1 Phointe) |
| iv. An feadán a choinneáil ar oscailt | (1 Phointe) |
| v. (Is féidir leis a bheith ina chúis le) e.g. ailse / eimfiséime / casacht ainsealach / COPD | (1 Phointe) |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

| 14. | |
|---|---|
| a. | **10(3)** |
| i. A = Cillscannán; B = Cillbhalla; C = Clóraplast **nó** miteacoindre; D = Folúisín | (4 phointe) |
| ii. 1. Cill planda<br>2. Cillbhalla **nó** folúisín **nó** clórapla(i)st | (1 Phointe)<br>(1 Phointe) |
| iii. e.g. Uisce **nó** siúcra **nó** salann **nó** líocha | (1 Phointe) |
| iv. Ceallalós | (1 Phointe) |
| v. Ligeann sé do roinnt substaintí dul tríd | (1 Phointe) |
| vi. Chun próitéin a dhéanamh | (1 Phointe) |
| | |
| b. | **10(3)** |
| i. Bitheolaíoch / catalaíoch | (2 Phointe) |
| ii. Einsím ainmnithe --------- Substráit a mheaitseálann<br>[*Níl aon einsím ainmnithe - ná bronn marcanna as substráit*] | (2 Phointe) |
| iii. Próitéin | (1 Phointe) |
| iv. (Einsím) sáinnithe / i nglóthán (nó in ailgionáit sóidiam) | (2 Phointe) |
| v. Ailgionáit sóidiam | (1 Phointe) |
| vi. e.g. Táirge ath-inúsáidte **nó** íon **nó** níos saoire **nó** táirgeadh leanúnach | (1 Phointe) |
| vii. Smáil bhitheolaíocha a bhriseadh síos (nó sampla) | (1 Phointe) |
| | |
| c. | **10(3)** |
| i. Léaráid + 3 lipéad<br>[*Ní mór don léaráid fréamh, gas & duilleog a thaispeáint chun na 3 mharc a fháil*] | 3,0 + 3(1)<br>(Neamh-shleamhnáin) |
| ii. Duille | (1 Phointe) |
| iii. Daingniú / uisce a ionsú / uisce (nó bia) a iompar / bia a stóráil / atáirgeadh éighnéasach | (2 Phointe) |
| iv. Iompar (fíochán) | (1 Phointe) |
| v. Xiléim / fléam | (2 Phointe) |
| vi. Achar cilldeighilte gníomhaí **nó** achar miotóis ghníomhaigh<br>*Suíomh:* barr an mheatháin **nó** barr na fréimhe [*glac le* caimbiam] | (1 Phointe)<br>(1 Phointe) |
| | |
| | |
| | |
| | |

| 15. | |
|---|---|
| a. | **10(3)** |
| i. Sméar dhubh = ainmhí; Seiceamar = gaoth; Piseanna = féinscaipeadh **nó** pléascann siad | (3 phointe) |
| ii. Tréimhse nach dtarlaíonn aon phéacadh (ná aon fhás) in ainneoin gnáth-dhálaí a bheith ann i gcomhair péacadh | (1 Phointe) |
| iii. Seans níos fearr go mairfidh na síolta **nó** bíonn am ag síolta scaipeadh **nó** tugtar am do shíolta dul in aibíocht | (1 Phointe) |
| iv. Géiniteach **nó** rialaitheoirí fáis **nó** sampla bailí | (1 Phointe) |
| v. e.g. Gearradh / beangú / buinneán a chur sa talamh / micriomadú | (2 Phointe) |
| vi. *Buntáiste:* Tapa **nó** gach planda comhionann<br>*Míbhuntáiste:* Gan aon éagsúlacht **nó** gach ceann so-ghabhálach i leith na ngalar céanna | (1 Phointe)<br>(1 Phointe) |
| | |
| b. | **10(3)** |
| i. A = Gruaig; B = Soitheach fola (nó artaire nó féith nó artairín nó féitheoigín) [*ná glac le* ribeadán]; C = Faireog allais ; D = Matán (ardaitheach) | (4 phointe) |
| ii. C **nó** faireog allais<br>[*glac leis an rud ar a dtugann an t-iarrthóir 'C' i gcuid (i)]* | (1 Phointe) |
| iii. Duán **nó** scamhóg [*glac le* hae] | (1 Phointe) |
| iv. Cosaint i gcoinne ionfhabhtú / cosaint i gcoinne díhiodráitiú / ball céadfach/ rialú teochta | (2 Phointe) |
| v. Seasann sé suas | (1 Phointe) |
| vi. Geir nó ola | (1 Phointe) |
| | |
| c. | **10(3)** |
| i. Léaráid + 3 lipéad [*Hífe nó stóla(i)n le cur san áireamh sa léaráid; 2 riosóideach ar a laghad; spóragán; spórangafór*] | 6,3,0 + 3(2) (neamh-shleamhnáin) |
| ii. Sapraifíteach | (1 Phointe) |
| iii. Briseann sé síos ábhar marbh **nó** déanann sé athchúrsáil ar chothaithigh | (1 Phointe) |
| iv. Fungas | (1 Phointe) |
| v. *Dochrach:* e.g. déanann meirg **nó** coinclí **nó** borrphéist (fungas)<br>*Tairbheach:* e.g. giosta **nó** penicillium **nó** caonach liath ar cháis | (2 Phointe) |
| vi. Gnéasach | (1 Phointe) |

Leathanach Bán